# Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí

NCCA

# An Clár Ábhar

AN CLÁR ÁBHAR ........ 3

Intreoir don tsraith shóisearach ........ 6

Réasúnaíocht ........ 7

Aidhm ........ 8

Forbhreathnú: Naisc ........ 9
Ráitis foghlama ........ 9
Príomhscileanna ........ 11

Forbhreathnú: Cúrsa ........ 14
Feasacht tíreolaíochta ........ 15
Trí shnáithe idirnasctha ........ 15
Na gnéithe ........ 16

Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach ........ 18
Curaclam na bunscoile ........ 18
An tsraith shinsearach ........ 18
Ionchais maidir le scoláirí ........ 20
Torthaí foghlama ........ 20

Snáithe 1: An domhan fisiceach a fhiosrú ........ 21

Snáithe 2: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú ........ 22

Snáithe 3: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú ........ 23

Measúnú agus tuairisciú ........ 24
Measúnú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ........ 25
Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Tíreolaíocht ........ 25
Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht ........ 26
Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht ........ 27
Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas ........ 28
An Tasc Measúnaithe ........ 28
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh ........ 29

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Baineann Tíreolaíocht le tírdhreacha, pobail, áiteanna agus timpeallachtaí an Domhain. Réitíonn sí leis an modh eolaíochta agus coinníonn sí le prionsabail eolaíochta agus le loighic. Mar gheall ar an staidéar ar an tíreolaíocht, bíonn an duine in ann an domhan atá mórthimpeall air a fhiosrú agus a thuiscint. Cothaítear tuiscint dhomhain ar dhaoine agus ar áiteanna de bharr a bheith ag plé leis an ábhar. Cuirtear na scileanna cuí ar an scoláire le go mbeidh sé ábalta a thimpeallacht a léamh. Mar thoradh air sin, beidh sé in ann an tírdhreach fisiceach a léirmhíniú, féachaint ar imeachtaí aeráide go heolach agus imeachtaí an domhain a phlé go feasach. Tacaíonn foghlaim na tíreolaíochta leis an scoláire cinntí eolasacha a dhéanamh, rud a chuireann ar a chumas cur go mór le saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a phobail, a dhúiche agus a thíre.

De thairbhe an staidéir ar an tíreolaíocht, spreagtar daoine chun léirthuiscint a fháil ar na próisis a théann i bhfeidhm ar a ndomhan agus chun breathnú ar cheisteanna domhanda mar shaoránaigh eiticiúla. Cruthaíonn tíreolaíocht an deis chun anailís a dhéanamh ar imeachtaí an domhain, agus cuireann sí ar chumas an aosa óig a bheith ina saoránaigh ghníomhacha eolacha. A bhuíochas leis an tíreolaíocht cuirtear cumas an scoláire dul i ngleic le ceisteanna áirithe chun feabhais – ceisteanna ar nós forbairt inbhuanaithe, córais gheilleagracha, bainistíocht guaiseacha agus athrú aeráide. Cuireann na topaicí a chlúdaítear le feasacht agus tuiscint an scoláire ar chultúir dhifriúla, rud a spreagann meas ar an éagsúlacht.

Tá an scoláire ag fás aníos i ndomhan domhandaithe dinimiciúil. Is meán í an tíreolaíocht chun imeachtaí reatha inár ndomhan a fhiosrú. Féadfaidh an scoláire a bhreathnaíonn ar imeachtaí le súil na tíreolaíochta a bheith ina chuid de ghlúin atá in ann déileáil go héifeachtach le dúshláin dhomhanda agus iad a mhaolú, agus a bheith in ann ag deiseanna gaolmhara.

Féadtar na scileanna a chothaítear san ábhar a úsáid i gcomhthéacsanna eile agus rachaidh siad chun leasa don scoláire ina chuid staidéir agus ina shaol. Spreagann tíreolaíocht an fiosrúchán struchtúrtha: is smaointeoireacht chriticiúil é sin ina gcuireann an scoláire ceisteanna, ina mbailíonn sé sonraí, ina ndéanann sé measúnú agus léirmhíniú agus ina gcuireann sé faisnéis i láthair. Spreagann sé comhoibriú agus cumarsáid lena phiaraí agus le saineolaithe i réimsí eile.

# Aidhm

Cuireann an staidéar ar thíreolaíocht na sraithe sóisearaí ar chumas an scoláire a bheith eolach ar an tíreolaíocht. Spreagann sé fiosracht agus tugann sé deiseanna don scoláire eolas faoina gharthimpeallacht agus faoin domhan mór a léamh, a anailísiú, a tharraingt le chéile agus a chur in iúl. Cothaíonn sí eolas, scileanna, luachanna agus iompar a ligeann don scoláire fiosrú a dhéanamh ar an domhan fisiceach, ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan agus an chaoi ar féidir linn na hidirnaisc idir córais ar leith a aithint.

# Forbhreathnú: Naisc

Tacaíonn tíreolaíocht le réimse leathan eispéireas foghlama sa tsraith shóisearach. Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil tíreolaíocht na sraithe sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## Ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus na ráitis foghlama

| **An ráiteas** | **Samplaí d'fhoghlaim ábhartha a bhféadfaí tabhairt fúithi** |
|---|---|
| RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain timpeall air/uirthi. | Fiosraíonn an scoláire smaointe foghlama agus téann sé i ngleic leo, mar shampla daonra, lonnaíocht, forbairt agus domhandú. |
| RF 10: Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe. | Foghlaimíonn an scoláire faoina thábhachtaí atá sé maireachtáil go hinbhuanaithe. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Téann an scoláire i ngleic le topaicí a bhaineann le tíreolaíocht, idir fhisiceach agus daonna, d'fhonn cur síos a dhéanamh ar phatrúin agus ar choibhneasa agus d'fhonn iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. |
| RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu. | Aithníonn an scoláire conas a mhúnlaíonn próisis tíreolaíochta an tírdhreach. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Déanann an scoláire comparáid idir na deiseanna saoil atá ann don aos óg i dtíortha éagsúla. |
| RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. | Déanann an scoláire measúnú ar ról an chúnaimh forbartha. |
| RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Measann an scoláire na tosca a imríonn tionchar ar lonnaíocht daoine i dtaca le bunús, láthair agus athrú inbhuanaithe. |

## Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil:

Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



## Gnéithe príomhscile a bhaineann leis an tíreolaíocht

Sainaithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa tíreolaíocht. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.  Leagtar amach na hocht bpríomhscil go mion i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.

Tábla 2: Naisc idir Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus príomhscileanna


| An phríomhscil | Gné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama a bhféadfadh an scoláire tabhairt fúthu |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Roghanna a fhiosrú<br><br>Foghlaim go cruthaitheach<br><br>An chruthaitheacht a spreagadh ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach | Foghlaimíonn an scoláire faoi cheisteanna domhanda ar nós athrú aeráide agus fiosraíonn sé roghanna maidir le maolú agus cosc.<br>Cruthaíonn an scoláire samhlacha chun an dóigh a gcruthaítear fillsléibhte a mhíniú.<br>Baineann an scoláire úsáid as físeáin agus beochaintí chun athrú daonra a mhíniú. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Déanann an scoláire díospóireacht ar an tslí a n-imríonn forbairt gheilleagrach tionchar ar dheiseanna an duine óig. |
| A bheith uimheartha | Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil<br>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú | Déanann an scoláire anailís ar ghréasáin lonnaíochta.<br><br>Déanann an scoláire an mheánbháisteach thar thréimhse áirithe a thomhas, a thaifeadadh agus a ghrafadh trí úsáid a bhaint as méadar báistí. |
| Cumarsáid | Éisteacht agus mé féin a chur in iúl<br>Plé agus díospóireacht | Comhoibríonn an scoláire lena phiaraí chun tionscadal faoin úsáid inbhuanaithe as acmhainní na hÉireann a ullmhú.<br>Déanann an scoláire plé ar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí an duine ar athrú aeráide. |

| | | |
|---|---|---|
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith fiosrach<br><br>Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil<br>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas | Déanann an scoláire iniúchadh ar bhunús a bhaile nó a shráidbhaile.<br>Dearann an scoláire cosaint um bainistíocht guaiseacha.<br><br>Déanann an scoláire iniúchadh ar chruthú agus iompar hairicín. |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne orm féin<br>A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Déanann an scoláire machnamh ar a fhoghlaim trí phlé a dhéanamh ar aiseolas an mhúinteora agus trí ghníomhú dá réir, mar shampla, sa Mheasúnú Rangbhunaithe. |
| Fanacht folláin | A bheith sóisialta<br><br>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim<br><br>A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá na meáin dhigiteacha in úsáid | Oibríonn an scoláire i bhfoireann chun tionscadal faoi ghníomhaíochtaí geilleagracha ina cheantar a chur i gcrích.<br>Roghnaíonn an scoláire ábhar a bhfuil spéis aige ann lena fhiosrú – bunaithe ar ábhar foghlama a chlúdaigh siad.<br>Bíonn an scoláire freagrach, sábháilte agus eiticiúil nuair atá na meáin dhigiteacha á n-úsáid aige tráth taighde a dhéanamh ar ábhar tíreolaíochta. |
| Obair le daoine eile | An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint<br>Ag comhoibriú<br>Meas a léiriú ar an éagsúlacht | Éisteann an scoláire le tuairimí difriúla agus téann sé i mbun comhoibre chun cur i láthair a phleanáil i dtaobh aighneas tionscail agus comhshaoil.<br>Sannann an scoláire róil agus beartaíonn sé grúpthionscadail.<br>Bíonn meas ag an scoláire ar an éagsúlacht de bharr go mbíonn sé ag foghlaim faoi chultúir dhifriúla. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht le haghaidh Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí ar fhorbairt eolas agus scileanna an scoláire le go mbeidh sé in ann an domhan mórthimpeall orainn, agus an ról atá againn ann, a thuiscint agus na hidirnaisc idir córais ar leith a aithint. Baintear é sin amach trí na trí shnáithe idirnasctha: An domhan fisiceach a fhiosrú; An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú; agus Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú, agus coincheap uileghabhálach amháin ar a dtugtar feasacht tíreolaíochta. Dearadh an tsonraíocht d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Fíor 2: Struchtúr na sonraíochta i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí



## Feasacht tíreolaíochta

Cuireann coincheap na feasachta tíreolaíochta bonn eolais faoin tsonraíocht. Baineann sé sin le cumas an scoláire tuiscint dhomhain a fháil trí smaointeoireacht agus réasúnaíocht tíreolaíochta. Tugann feasacht tíreolaíochta an creat dúinn chun Tíreolaíocht a thuiscint, creat atá fite fuaite le teagasc agus le foghlaim na tíreolaíochta.

Is iad na trí I na codanna is tábhachtaí den fheasacht tíreolaíochta:

- idirghníomhaíochtaí
- idirnaisc
- impleachtaí.

Is ionann idirghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí idir daoine agus an timpeallacht. Is ionann idirnaisc agus an nasc idir daoine, áiteanna, timpeallachtaí, agus patrúin spásúla, trí naisc inláimhsithe fearacht bóithre nó trí naisc dholáimhsithe fearacht na polaitíochta. Baineann impleachtaí leis an duine. Cuidíonn an coincheap leis an scoláire tuiscint a fháil ar thopaicí tíreolaíochta ar bhealach comhtháite, rud a léiríonn an idirghaolmhaireacht idir topaicí agus an tionchar atá aige ar an scoláire.  Tá sé mar aidhm ag an bhfeasacht tíreolaíochta inniúlachtaí cognaíocha, idirphearsanta agus inphearsanta a fhorbairt tríd an gcuraclam, atá inbhuanaithe i rith shaol an scoláire.

## Trí shnáithe idirnasctha

Leagtar trí shnáithe idirnasctha amach sa tsonraíocht. Tá uimhir le gach toradh foghlama laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d’ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. **Cuireann an tsonraíocht béim ar chur chuige neamhlíneach comhtháite chun dul i ngleic leis na snáitheanna. Moltar go ndéantar naisc idir torthaí foghlama na snáitheanna ar fad chun na heispéiris foghlama a fhorbairt.**

### An domhan fisiceach a fhiosrú

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a gcruthaítear agus a n-athraítear an domhan fisiceach. Forbraíonn an scoláire eolas agus scileanna a chabhraíonn leis an domhan fisiceach a thuiscint agus a mhíniú. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann leis an tíreolaíocht fhisiceach agus fiosraíonn sé an gaol atá eatarthu agus aon impleachtaí a d’fhéadfadh a

bheith ag na topaicí sin do shaol an scoláire. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun tréithe spásúlachta agus foirmiú feiniméan sa domhan fisiceach a mhíniú.

### An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann daoine teagmháil leis an domhan fisiceachagus na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith aige sin dá shaol. Fiosraíonn an scoláire an tslí a mbraithimid ar an domhan fisiceach, an tslí a gcuirimid in oiriúint é agus an tslí a n-athraímid é. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun an chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach ar mhaithe le cúrsaí eacnamaíocha, agus an chaoi a dtéimid i dtaithí ar fheiniméin fhisiceacha, a mhíniú.

### Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar dhaoine, áiteanna agus athruithe. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann le domhandú, forbairt, daonra agus idirspleáchas. Fiosraíonn an scoláire idirghaolmhaireachtaí agus na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na topaicí sin dá shaol. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun gréasáin lonnaíochta, uirbiú, déimeagrafaic agus forbairt an duine a mhíniú.

## Na gnéithe

Cuireann na gnéithe seo an dóigh a dtiocfaidh an scoláire isteach ar na torthaí foghlama sna snáitheanna in iúl. Tabharfaidh an scoláire aghaidh ar na torthaí foghlama trí gach ceann de na gnéithe:

1. Próisis, patrúin, córais agus scála
2. Scileanna tíreolaíochta
3. Inbhuanaitheacht.

Fíor 3: Gnéithe na snáitheanna comhthéacsúla a léiríonn nádúr comhtháite shonraíocht na tíreolaíochta

| Gnéithe | Iarratas |
|---|---|
| Próisis, patrúin, córais agus scála | ▪ Foghlaimíonn an scoláire faoin gcaoi a bhfoirmíonn agus a múnlaíonn próisis tíreolaíochta ár ndomhan fisiceach, comhshaoil agus sóisialta.<br>▪ Aithníonn an scoláire patrúin agus dáileadh feiniméan tíreolaíochta agus tagann sé ar thuairimí bunaithe ar a chuid torthaí. Áirítear leis |

| | |
|---|---|
| | sin cosúlachtaí nó difríochtaí i dtaca le feiniméin a aithint, a anailísiú agus a mhíniú.<br>▪ Glacann an scoláire le cur chuige a cheanglaíonn na córais ar fad le chéile chun gnéithe casta a thuiscint.<br>▪ Déanann an scoláire staidéar ar thopaicí ar scálaí agus ar leibhéil éagsúla lena n-áirítear Éire, an Eoraip (AE) agus an Domhan. |
| Scileanna tíreolaíochta<br><br>*Moltar imscrúduithe allamuigh, nuair is iomchuí.* | **Léitheoireacht agus scileanna léirmhínithe:**<br>Déanfaidh an scoláire forbairt ar a ghrafacht trí:<br>▪ Mapáil: Scileanna cartagrafacha a bhaineann le scálaí éagsúla.<br>▪ Amharcíomhánna: Spreagthaí amhairc éagsúla a léamh agus a léirmhíniú.<br>▪ Anailís ar Shonraí: Tacair shonraí éagsúla a léamh agus a léirmhíniú.<br>**Scileanna Feidhmeacha:**<br>▪ Ceisteanna tíreolaíochta a chur: Chun dul i ngleic leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta- cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth.<br>▪ Sonraí tíreolaíochta a iniúchadh: Sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla ar bhealaí éagsúla ar mhaithe le faisnéis a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagairtí.<br>▪ Sonraí tíreolaíochta a eagrú agus a léirmhíniú: Féadtar cineálacha éagsúla sonraí a scaradh agus a rangú i bhfoirmeacha grafacha físeacha: léarscáileanna páipéir agus ríomhghinte, nó íomhánna geospásúla éagsúla.<br>▪ Faisnéis tíreolaíochta a anailísiú: Maidir le faisnéis tíreolaíochta, lorgaítear patrúin, gaolmhaireachtaí agus naisc.<br>▪ Faisnéis tíreolaíochta a chur i láthair: Eolas a bhainistiú agus a chur le chéile ionas go bhfuil sé soiléir agus gonta. |
| Inbhuanaitheacht | ▪ Déanann an scoláire machnamh ar an gcothromaíocht idir an córas eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta atá de dhíth chun dul i ngleic le riachtanais na linne seo agus gan iad a chur i mbaol don am atá le teacht. |

| | |
|---|---|
| | ▪ Tugann an scoláire suntas don chaoi ar féidir lena chinntí agus a ghníomhaíochtaí tionchar a bheith acu ar an inbhuanaitheacht áitiúil agus idirnáisiúnta.<br>▪ Déanann an scoláire machnamh criticiúil ar choincheapa agus ar nósanna reatha maidir le hinbhuanaitheacht.<br>▪ Déanann an scoláire forbairt ar an eolas, scileanna, iompair agus luachanna atá aige chun saol inbhuanaithe a chaitheamh. |

# Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

## Curaclam na bunscoile

Baineann tíreolaíocht sa bhunscoil le hoideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) agus baineann trí mhórthéama leis– áit, spás agus timpeallacht. Is é bunbhrí an ábhair an domhan mórthimpeall orainn a thuiscint agus ómós áite agus spáis a fhorbairt. Leagtar béim mhór ar an timpeallacht áitiúil agus ar fhorbairt scileanna maidir le hiniúchadh tíreolaíochta. Spreagtar dalta bunscoile na tíreolaíochta chun teagmháil a dhéanamh lena thimpeallacht go gníomhach ar mhaithe le hiniúchadh, le hidirghaolmhaireachtaí a aithint agus le teacht ar thuairimí. Is féidir le Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí an fhoghlaim ghaolmhar a rinneadh sa bhunscoil a chur chun tosaigh trí chur chuige den chineál céanna ina bhfoghlaimíonn an scoláire faoin gcaoi a bhfoirmíonn agus a múnlaíonn próisis tíreolaíochta ár ndomhan fisiceach, comhshaoil agus sóisialta. Moltar sa churaclam bunscoile cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith na dtopaicí a ndéantar staidéar orthu; leantar den chur chuige sin i gcuraclam tíreolaíochta na sraithe sóisearaí.

## An tsraith shinsearach

Dearadh an tsonraíocht do Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí ar bhealach le go dtagann sí le téamaí agus gnéithe suntasacha de Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, agus is féidir an t-eolas agus na scileanna a foghlaimíodh a úsáid arís dá thoradh. Cuirfidh na snáitheanna agus na gnéithe ar chumas an scoláire an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt lena n-úsáid arís sa tsraith shinsearach. Lena chois sin, tabharfaidh siad deiseanna fónta don scoláire maidir le foghlaim leanúnach i mórán ábhar. Mar gheall

ar dhoimhneacht agus ar fhairsinge na foghlama sa tsraith shóisearach, éireoidh an scoláire cleachta ar choincheapa tíreolaíochta – coincheapa a ndéanfar tuilleadh forbartha orthu sa tsraith shinsearach.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuirfear ar fáil iad i dteannta na sonraíochta seo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- atá thar barr ar fad
- atá os cionn na n-ionchas
- atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus dá bhrí sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa tíreolaíocht go dtí deireadh na sraithe sóisearaí. Cabhróidh an liosta de bhriathra gnímh (Aguisín A) agus an ghluais (Aguisín B) chun tuiscint a fháil ar an méid a bhfuil súil leis ón scoláire i ngach toradh foghlama.** Cuirtear Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le caighdeáin dhifriúla oibre i measc scoláirí.

# Snáithe 1: An domhan fisiceach a fhiosrú

| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe** | |
|---|---|
| Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a gcruthaítear agus a n-athraítear an domhan fisiceach. Forbraíonn an scoláire eolas agus scileanna a chabhraíonn leis an domhan fisiceach a thuiscint agus a mhíniú. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann leis an tíreolaíocht fhisiceach agus fiosraíonn sé an gaol atá eatarthu agus aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na topaicí sin do shaol an scoláire. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun tréithe spásúlachta agus foirmiú feiniméan sa domhan fisiceach a mhíniú. | |
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
| ▪ **Próisis, patrúin, córais agus scála**<br>▪ **Scileanna tíreolaíochta**<br>▪ **Inbhuanaitheacht** | 1.1 cur síos a dhéanamh ar dhéanamh agus ar dháileadh domhanda na mbolcán, na gcreathanna talún agus na bhfillsléibhte ó thaobh teicteonaic phlátaí agus struchtúr an domhain de<br>1.2 idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí éagsúla de chineál carraige agus tagairt a dhéanamh do chomhdhéanamh agus d'fhoirmíocht<br>1.3 anailís a dhéanamh ar phróisis an tsíonchaithimh agus na hollghluaiseachta agus ar na tionchair atá acu ar an tírdhreach<br>1.4 measúnú a dhéanamh ar chineálacha ithreacha ina cheantar áitiúil i dtaca le comhdhéanamh agus fásra<br>1.5 míniú a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn próiseas an chreimthe, an tsil-leagain agus an iompair na timpeallachtaí abhann, mara agus oighir<br>1.6 aeráidí domhanda a rangú agus anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar an aeráid in Éirinn<br>1.7 iniúchadh a dhéanamh ar chruthú agus ar iompar teagmhais aimsire shuntasaigh<br>1.8 sonraí aimsire a bhailiú, a thaifeadadh agus a léirmhíniú<br>1.9 idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha acmhainní fuinnimh a ghineann an domhan fisiceach<br>1.10 iniúchadh a dhéanamh ar raon na bpróiseas fisiceach atá gníomhach i láthair roghnaithe agus ar na naisc atá eatarthu |

## Snáithe 2: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú

| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe** Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann daoine teagmháil leis an domhan fisiceach agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin dá shaol. Fiosraíonn an scoláire an tslí a mbraithimid ar an domhan fisiceach, an tslí a gcuirimid in oiriúint é agus an tslí a n-athraímid é. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun an chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach ar mhaithe le cúrsaí eacnamaíocha, agus an chaoi a dtéimid i dtaithí ar fheiniméin fhisiceacha, a mhíniú. | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
| ▪ **Próisis, patrúin, córais agus scála**<br>▪ **Scileanna tíreolaíochta**<br>▪ **Inbhuanaitheacht** | 2.1 cur síos a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann leis an tslí a ndéanaimid teagmháil le tarlú bolcán, creathanna talún agus fillsléibhte<br>2.2 measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann le saothrú carraige agus acmhainní fuinnimh<br>2.3 an chaoi a n-imríonn an tírdhreach fisiceach tionchar ar fhorbairt na bpríomhghníomhaíochtaí a aithint<br>2.4 measúnú a dhéanamh ar shaothrú inbhuanaithe an uisce, na stoc éisc, na foraoiseachta, agus na hithreach mar acmhainní nádúrtha<br>2.5 cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht thánaisteach áitiúil i dtaca lena feidhm agus na tosca a imríonn tionchar ar a láthair<br>2.6 scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí lena mbaineann<br>2.7 iniúchadh a dhéanamh ar shamplaí den dóigh a ndéanann daoine teagmháil le próisis dromchla agus den dóigh a ndéanann siad iad a bhainistiú<br>2.8 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileálann daoine le tubaiste nádúrtha<br>2.9 measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an domhan fisiceach, an turasóireacht agus iompar |

## Snáithe 3: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe** | |
|---|---|
| Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar dhaoine, áiteanna agus athruithe. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann le domhandú, forbairt, daonra agus idirspleáchas. Fiosraíonn an scoláire idirghaolmhaireachtaí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na topaicí sin dá shaol. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun gréasáin lonnaíochta, uirbiú, déimeagrafaic agus forbairt an duine a mhíniú. | |
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
| ▪ **Próisis, patrúin, córais agus scála**<br>▪ **Scileanna tíreolaíochta**<br>▪ **Inbhuanaitheacht** | 3.1 leas a bhaint as samhail an trasdula dhéimeagrafaigh chun saintréithe daonraí agus an tslí a n-athraíonn daonraí a mhíniú<br>3.2 iniúchadh a dhéanamh ar cad is cúis le himirce agus ar na hiarmhairtí atá aici<br>3.3 scrúdú a dhéanamh ar athrú daonra in Éirinn agus i dtír atá i mbéal forbartha<br>3.4 na tosca a théann i bhfeidhm ar láthair agus ar bhunús na lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn a mheas<br>3.5 scrúdú a dhéanamh ar cad is cúis le hathrú uirbeach i mbaile nó i gcathair in Éirinn agus ar na hiarmhairtí a ghabhann leis<br>3.6 patrúin dhomhanda d'fhorbairt gheilleagrach a aithint<br>3.7 comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha – i dtaca le comhionannas inscne, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír atá i mbéal forbartha i dtaca leis na deiseanna céanna sin<br>3.8 measúnú a dhéanamh ar ról an chúnaimh forbartha maidir le forbairt an duine<br>3.9 a chuid foghlama faoi dhaonra, lonnaíocht agus forbairt an duine laistigh de phróiseas an domhandaithe a tharraingt le chéile |

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifeadadh agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus tugtar an deis dá réir do na múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú suimitheach, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do

thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais.

Áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an tíreolaíocht le haghaidh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: Tíreolaíocht sa nuacht; agus Mo thíreolaíocht. Lena chois sin, beidh Tasc Measúnaithe scríofa i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe i dteannta scrúdú deiridh, a ullmhóidh agus a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Tíreolaíocht

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach ceacht. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Gheobhaidh an scoláire taithí ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe sa tíreolaíocht ó thaobh trí ghné chomhthéacsúla de:

1. Próisis, patrúin, córais agus scála

2. Scileanna tíreolaíochta

3. Inbhuanaitheacht.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a fhiosracht agus a spéis sa tíreolaíocht a spreagadh. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na tosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc sa tíreolaíocht. Tá sé i gceist go nglacfaidh an scoláire páirt i dtaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil trí na Measúnuithe Rangbhunaithe.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse modhanna
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais luachála agus cinntí eolasacha a dhéanamh
- faisnéis a eagrú agus pleanáil go loighciúil
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann sé leis an obair agus a chuid foghlama féin
- a chuid foghlama a úsáid i gcomhthéacsanna ábhartha reatha
- a bheith in ann iniúchadh a dhéanamh ar réimsí a bhfuil suim aige iontu agus a bhfuil baint acu le réimsí staidéir.

Trí na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus leis sin bainfidh sé amach na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Tíreolaíocht sa nuacht

| **MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE Tíreolaíocht sa nuacht** | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **An measúnú a chur i gcrích** | **Cruinniú AFMÁ** |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Fiosrúchán struchtúrtha trí fhreagairt ar theagmha(i)s tíreolaíochta a bhí ann ar na mallaibh | Tuairiscí is féidir a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Tar éis trí seachtaine tabharfaidh an scoláire tuairisc ar a fhiosrúchán, bunaithe ar fhoinse na meán le déanaí, a bhaineann le teagmhas tíreolaíochta | An dara téarma den dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thíreolaíocht

| **MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE Mo thíreolaíocht** | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **An measúnú a chur i gcrích** | **Cruinniú AFMÁ** |
|---|---|---|---|---|
| Fiosrúchán struchtúrtha ar ghné (ithe) tíreolaíochta i gceantar áitiúil | Tuairiscí is féidir a chur i láthair i réimse leathan formáidí | Déanfaidh an scoláire, thar thrí seachtaine, iniúchadh ar ghné tíreolaíochta i gceantar áitiúil | An chéad téarma den tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

**Fiosrúchán struchtúrtha**

Déanann an scoláire fiosrúchán struchtúrtha faoi ghné thíreolaíochta. Is féidir leis an scoláire an fiosrúchán a dhéanamh taobh amuigh nó taobh istigh den seomra ranga, agus úsáid á baint as an eolas agus na scileanna atá aige. Beidh sonraí níos mine ar fáil maidir le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe sna*Treoirlínte Measúnaithe don Tíreolaíocht* ar leith.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheas. Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) i gcrích. Beidh na gnéithe cáilíochta ar fáil sna *Treoirlínte Measúnuithe don Tíreolaíocht.*

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil sna *Treoirlínte Measúnaithe don Tíreolaíocht,* ar treoirlínte ar leith iad, maidir leis an measúnú ar an tuairisciú i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí do Mheasúnú CNCM freisin le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## An Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe a cheartóidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit nuair a bheidh an dara Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích aige.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairt a smaointeoireachta tíreolaíochta
- a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus a chumas chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu, sa todhchaí
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir a thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe tionchar ar a thuiscint ar an tíreolaíocht.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta, a shocróidh agus a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní mhairfidh an scrúdú níos faide ná dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl i mí an

Mheithimh sa tríú bliain. I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó tháblaí na dtorthaí foghlama.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige ar rud |
| Meas | saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| Ríomh | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd |
| Cuir i gcrích | rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil |
| Déan | gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi |
| Meas (cuimhnigh ar...) | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |

| | |
|---|---|
| Cuir le chéile | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| Tiontaigh | athrú go foirm eile |
| Déan díospóireacht | cur agus cúiteamh a faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| Forbair | dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta |
| Ceap | nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh |
| Faigh amach | rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh |
| Dealaigh | an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| Measúnaigh (sonraí) | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach |

| | |
|---|---|
| | dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Scrúdaigh | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Iniúch | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| Monatóirigh | breathnú ar dhul chun cinn ruda agus é a sheiceáil thar thréimhse ama; rud a choimeád faoi athbhreithniú córasach |
| Tuar | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| Ullmhaigh | rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair |
| Cuir i láthair | smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| Mol | plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas |
| Mol (comhairligh) | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe |
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Ceangail | rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt |

| | |
|---|---|
| Luaigh | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| Sintéisigh | smaointe difriúla, sonraí agus eolas a thabhairt le chéile, san fhoirm scríofa nó i bhfoirm eile, chun smaoineamh nua a chur le chéile nó chun tuiscint a fhairsingiú |
| Tuig | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |

# Aguisín B: Gluais téarmaí

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Ceantar | Úsáidtear an focal ceantar i dtíreolaíocht chun áit a aithint. |
| Athrú | Is focal ar leith é athrú a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an athrú a tháinig ar rud agus an chuma atá air anois. Tugtar 'próisis athraithe' ar na próisis éagsúla a chruthaíonn athrú. |
| Dlús | Tugtar dlús ar an méid ruda atá i limistéar, $km^2$ de ghnáth. Úsáidtear é go minic sa tíreolaíocht chun cur síos a dhéanamh ar dhlús daonra - líon daoine in aghaidh an $km^2$. |
| Dáileadh | Úsáidtear dáileadh chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh ruda agus tíreolaíocht ar bun agat. |
| Timpeallacht | Is focal úsáideach é timpeallacht a chuireann síos ar 'an domhan atá dár dtimpeallú'. Úsáidtear go minic é nuair a dhéantar cur síos ar an ngá chun an timpeallacht a chosaint. |
| Toisc | Tugtar toisc ar an tionchar a bhíonn ag an toisc sin ar airí nó ar fheiniméin. |
| Feidhm | Tugtar feidhm ar an tseirbhís a chuireann úsáid talún ar fáil; cuireann scoil oideachas ar fáil; cuireann séipéal seirbhís reiligiúnach ar fáil, mar shampla. |
| Grafacht | Tugtar grafacht ar an gcumas atá ag duine mapaí, grianghraif, táblaí, graif agus cairteacha a chur le chéile, a léamh agus a léirmhíniú. |
| Tírghné | Is ionann gné thírdhreacha fhisiciúil ar bith agus tírghné, m.sh. eas, lúb, sliabh. |
| Suíomh | Úsáidtear suíomh chun cur síos a dhéanamh ar shuíomh ruda nó chun suíomh ruda a dheimhniú. |
| Úsáid talún | Úsáid ar bith a bhaintear as talamh. Is úsáid talún é scoil. |
| Ceantar | Is ionann ceantar agus áit ar bith a bhfuil lorg duine uirthi. Is spás é cathair; Is spás é Cathair Chorcaí. |
| Réigiún | Tugtar réigiún ar limistéar ar leith atá ar dhromchla an Domhain nach bhfuil cosúil le limistéar ar bith eile ar bhealach amháin nó eile. |

| | |
|---|---|
| Scála | Is focal úsáideach é scála chun cur síos a dhéanamh ar 'leibhéal mionsonraí'. Déanaimid scrúdú ar shaincheisteanna ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lena chois sin, tugtar scála ar an gcaidreamh atá idir achar talún agus an t-achar céanna ar léarscáil. |
| Spás | Úsáidtear spás chun tagairt a dhéanamh do shuíomh nó d'achar talún. Ní bhaineann duine ar bith leis an suíomh nó leis an gceantar teibí seo. |
| Inbhuanaitheacht | Úsáidtear inbhuanaitheacht chun cur síos a dhéanamh ar cé chomh inbhuanaithe is atá gníomh. Is gníomh inbhuanaithe é an gníomh má éiríonn leis dul i ngleic le riachtanais na linne seo agus gan a bheith ag cur isteach ar riachtanais na nglún atá le teacht. |
| Córas | Tugtar córas ar an gcaoi a gcuirtear síos ar rud nó ar an gcaoi a ndéantar rud. |

NCCA